RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS MAIDIR LE SOLÁTHAR MÍLEÁISTE AGUS STAMPA AMA AG VOLKSWAGEN GROUP INFO SERVICES AG DON BHRANDA VOLKSWAGEN PKW (MILEAGE 3.0 roimhe seo Pay As You Drive 2.0 (PAYD))

Leis an ráiteas cosanta sonraí seo cuirimid in iúl duit go bpróiseáileann an Volkswagen Group Info Services AG do shonraí pearsanta.

Is é Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach chuig sonraí gluaisteachta le haghaidh roinnt brandaí an Ghrúpa Volkswagen. Cuirimid do chuid sonraí gluaisteachta go lárnach ar fáil don árachas a roghnaíonn tú.

A. Rialaitheoir Sonraí de réir RGCS

Is é Volkswagen Group Info Services AG an rialaitheoir sonraí atá freagrach as do shonraí pearsanta a phróiseáil. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh seo a leanas:

Volkswagen Group Info Services AG

Berliner Ring 2

38440 Wolfsburg, An Ghearmáin

gis-support@cariad.technology

Uimhir leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí HRB 207876 (Cúirt Dúiche Braunschweig)

Suíomh Gréasáin: https://drivesomethinggreater.com

B. Oifigeach Cosanta Sonraí

Tá ár n-oifigeach cosanta sonraí ar fáil duit mar dhuine teagmhála le haghaidh gach imní a bhaineann le cosaint sonraí. Seol do fhiosrú chuig:

Oifigeach Cosanta sonraí Volkswagen Group Info Services AG

Berliner Ring 2

38440 Wolfsburg, An Ghearmáin

gis-privacy@cariad.technology

C. Cuspóir leis an bpróiseáil sonraí

Soláthraíonn Volkswagen Group Info Services AG míleáiste agus stampa ama do fheithicle de bhranda Volkswagen PKW do árachas a roghnaigh tú. Déantar an soláthar sonraí seo chun gur féidir leat leas a bhaint as taraif árachais "MILEAGE 3.0" a comhaontaíodh le do chuideachta árachais. Faigheann Volkswagen Group Info AG an t-eolas maidir le do fheithicil den bhranda Volkswagen, lena n-áirítear an míleáiste agus an stampa ama, agus cuireann sí na sonraí seo ar fáil go teicniúil don árachas a roghnaigh tú (soláthraí táirge B2C).

D. Catagóirí sonraí

Faigheann Volkswagen Group Info Services AG na sonraí pearsanta seo a leanas go sonrach ó Volkswagen AG (Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg, An Ghearmáin) agus seolann siad iad chuig an árachas a roghnaigh tú agus a bhfuil conradh déanta agat leis:

- Míleáiste
- Stampa ama

- FIN

Faigheann Volkswagen Group Info Services AG an uimhir chonartha/doiciméadú ón soláthraí seirbhíse a bhfuil conradh déanta agat leis, maidir leis an gconradh a rinne tú leis an soláthraí seirbhíse ionas go gcinnteofar nach gcuirfear na sonraí thuas ar fáil ag Volkswagen Group Info Services AG ach amháin má tá conradh bailí idir an soláthraí seirbhíse agus tú féin i bhfeidhm.

E. Bunúis dlí

Is iad seo a leanas na bunúis dlí atá le próiseáil sonraí pearsanta maidir leis an táirge a dhéanann Volkswagen Group Info Services AG:

- an gá chun conradh a chomhlíonadh maidir leis an taraif árachais MILEAGE 3.0, a rinneadh idir tú (Airteagal 6.1 (b) RGCS) agus an t-árachas a roghnaigh tú.
- an leas dlisteanach atá ag Volkswagen Group Info Services AG (Airteagal 6.1 (f) RGCS).

Is é Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach chun sonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen a sholáthar, agus tá leas dlisteanach acu na sonraí a fhaightear ó bhrandaí an Ghrúpa Volkswagen a thairiscint do sholáthraithe táirgí údaraithe B2C go lárnach trínár Mol Sonraí (https://drivesomethinggreater.com/).

Ina theannta sin, déantar próiseáil ar úsáideoirí féideartha breise do fheithicle (má tá siad logáilte isteach mar phríomhúsáideoir) – a mhéid is a bheimis ar an eolas faoi sin in aonchor – as leasanna dlisteanacha de réir Airteagail 6.1 (f) RGCS.

F. Faighteoir sonraí

Nochtfar do shonraí do na faighteoirí sonraí seo a leanas chun na críche atá sainithe thuas:

- an chuideachta árachais a roghnaigh tú;
- [más infheidhme] Próiseálaithe ordaithe na cuideachta árachais a roghnaigh tú;
- Próiseálaithe Volkswagen Group Info Services AG.

G. Foinse sonraí

Fuaireamar do shonraí ó Volkswagen AG, Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg, An Ghearmáin, agus ón soláthraí seirbhíse a bhfuil conradh seirbhíse déanta agat leis.

H. Tréimhse stórála

Ní stórálann Volkswagen Group Info Services AG do shonraí de ghnáth. Soláthraíonn Volkswagen Group Info Services AG do shonraí mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen go teicniúil ón mbranda ar leith chuig an árachas a roghnaigh tú agus a bhfuil conradh agat leis. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na sonraí á dtarchur go simplí gan a bheith á stóráil againn.

Ar mhaithe le hoibleagáidí coinneála a bhaineann le dlí tráchtála agus cánach agus ar chúiseanna cosanta sonraí (cuntasacht), ní dhéanann Volkswagen Group Info Services AG ach cartlannú ar mhodh iniúchta-dheimhnithe gur cuireadh sonraí an táirge “MILEAGE 3.0” (féach pointe D.) le haghaidh FIN ar leith ar fáil d’fhaighteoir ar leith, gan an míleáiste ar leith a díorthaíodh a stóráil (féach pointe D.) é féin.

Stórálfar uimhir/doiciméadú an chonartha agus an VIN ar feadh uastréimhse 4 bliana tar éis foirceannadh an chonartha leis an duine lena mbaineann.

I. Do Chearta

Is féidir leat do chearta a dhearbhú i gcoinne Volkswagen Group Info Services AG ag am ar bith saor in aisce.

Tá tuilleadh eolais faoi do chearta a fheidhmiú a fháil ar an suíomh gréasáin https://drivesomethinggreater.com/legal-notice/privacy-notice/data-hub.

Cearta chun faisnéise

Tá sé de cheart agat faisnéis a fháil, i.e. deimhniú a iarraidh orainne maidir le cé acu agus – má tá – cé na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá á bpróiseáil agus cén sonraí a cuireadh ar aghaidh agus cén faighteoirí a fuair na sonraí sin. Ina theannta sin, bíonn sé de cheart agat go ginearálta cóip a fháil de na sonraí pearsanta atá próiseáilte againn. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh go teicniúil, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

Ceart chun ceartúcháin

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn na sonraí pearsanta míchearta nó neamhiomlána lena mbaineann a cheartú. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach chuig sonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (pointe H.).

Ceart chun scriosta

Tá an ceart agat, má tá na coinníollacha in Airteagal17 RGCS comhlíonta, iarraidh go scriosfar na sonraí pearsanta lena mbaineann. Is féidir leat ansin, mar shampla, a iarraidh go scriosfar na sonraí seo mura bhfuil siad riachtanach a thuilleadh chun na críocha ar bailíodh iad dóibh. Lena chois sin, is féidir leat scriosadh a iarraidh freisin má phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn do thoilithe agus má tharraingíonn tú siar an toiliú seo. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach chuig sonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (pointe H.).

Ceart chun próiseáil a shrianadh

Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí próiseáil do shonraí a shrianadh má tá coinníollacha Airt.18 RGCS comhlíonta. Tá sé sin amhlaidh, mar shampla, má dhéanann tú díospóid faoi chruinneas na sonraí pearsanta a phróiseálaimid. Is féidir leat a iarraidh go gcuirfí srian leis an bpróiseáil ar feadh na tréimhse a ndéantar cruinneas na sonraí pearsanta a sheiceáil. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach chuig sonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (pointe H.).

Ceart chun inaistritheacht sonraí

Má tá an phróiseáil sonraí bunaithe ar thoiliú nó ar chomhlíonadh conartha agus go ndéantar í freisin trí úsáid a bhaint as próiseáil uathoibrithe, tá sé de cheart agat do shonraí a fháil i bhformáid struchtúrtha, choiteann atá inléite ag meaisín agus iad a tharchur chuig rialaitheoir eile. Ina theannta sin, tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta a tharchur go díreach uainne chuig rialaitheoir eile. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG,

mar an comhéadan lárnach chuig sonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (pointe H.).

Ceart agóide

A mhéid a phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn leasanna dlisteanacha, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí seo ag am ar bith ar chúiseanna a eascraíonn as do chás ar leith. Má bhaineann d'agóid le próiseáil sonraí chun críocha margaíochta dírí, tá ceart ginearálta agóide agat, a chuirfimid i bhfeidhm gan cúiseanna a lorg.

Ceart cúlghairme

Má tá próiseáil na sonraí bunaithe ar thoiliú, tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith saor in aisce le héifeacht don todhchaí trí ríomhphost a sheoladh chuig gis-support@cariad.technology.

Treoir de réir Airteagail 11 RGCS

Ba mhaith linn a chur in iúl nach bhfuil sinne mar Volkswagen Group Info Services AG in ann, i go leor cásanna, úsáideoirí breise feithicle nó na príomhúsáideoirí a shainaithint agus, de réir Airteagal 11 RGCS, nach bhfuil oibleagáid orainn faisnéis bhreise a bhailiú nó a phróiseáil chun ábhair sonraí a shainaithint.

Má dhearbhaíonn tú cearta inár n-aghaidh, ní mór dúinn do stádas mar ábhar sonraí a dheimhniú de réir RGCS agus d'fhéadfaimis tuilleadh faisnéise a lorg uait más gá. Cinntíonn sé seo freisin nach sáraítear cearta tríú páirtithe agus sonraí pearsanta á scaoileadh againn.

Cinntí aonair uathoibrithe

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibrithe de réir Airteagail 22 RGCS.

Ceart gearán a dhéanamh

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta faoinár bpróiseáil ar do shonraí. Is é an t-údarás maoirseachta atá freagrach do Volkswagen Group Info Services AG ná:

An Coimisinéir Stáit um Chosaint Sonraí Niedersachsen,

Prinzenstraße 5,

30159 Hannover,

poststelle@lf.niedersachsen.de.

Amhail Lúnasa 2025